

Ag tacú le daltaí ón Úcráin agus daltaí atá faoi Chosaint Idirnáisiúnta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu don scoilbhliain 2023/2024

Achoimre

I mí Lúnasa 2022 (don scoilbhliain 2022/2023), mar gheall ar an méadú tapa ar dhídeanaithe ón Úcráin a bhí ag teacht, cuireadh tacaíochtaí oideachais speisialta sealadacha breise i bhfeidhm chun tacú le scoileanna a bhfuil rolluithe móra ón Úcráin acu.

D'éirigh go han-mhaith leis an bpróiseas a cuireadh i bhfeidhm agus fuair 548 scoil uaireanta Teagaisc Oideachas Speisialta (TOS) sealadacha breise agus fuair 329 scoil tacaíochtaí Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS) sealadacha breise.

Tá leithdháileadh na dtacaíochtaí bunaithe ar thairseacha céimnithe de rolluithe ón Úcráin atá ailínithe leis na leithdháiltí TOS agus CRS ar bhonn náisiúnta.

Freagraíonn an próiseas do na riachtanais agus déantar an leithdháileadh a choigeartú thart ar gach 6 seachtaine d'aon athruithe ar líon rolluithe dhaltaí ón Úcráin inár scoileanna.

Cuirfear scéim i bhfeidhm arís don scoilbhliain 2023/24. Cuirfear in iúl do scoileanna i lár mhí an Mheithimh faoina leithdháileadh tosaigh don scoilbhliain nua bunaithe ar shonraí rollaithe an 31 Bealtaine 2023. Cuirfear a leithdháileadh sealadach in iúl i scríbhinn do scoileanna a shásaíonn na tairseacha ag an am sin.

I lár mhí Mheán Fómhair déanfar athbhreithniú ar na sonraí rollaithe do gach scoil. Eiseofar leithdháiltí sealadacha nuashonraithe bunaithe ar athrú ar rolluithe nó ar rolluithe nua chuig scoileanna roimh dheireadh Mheán Fómhair don chéad téarma den scoilbhliain nua.

Bunaithe ar an bhfianaise go dtí seo ní shíltear go mbeidh mórán gluaiseachta leanaí le linn na bliana. Ach má tharlaíonn a leithéid, cuirfear an leithdháileadh ar fáil ina dhiaidh sin nuair is infheidhme. Má dhéantar daltaí ón Úcráin a athlonnú ó scoil go scoil eile le linn aon téarma scoile, aistrefar na hacmhainní go dtí an scoil nua

go huathoibríoch mar chuid den nuashonrú rialta ar leithdháiltí sealadacha bunaithe ar na rolluithe ag an am sin.

Ar an gcaoi chéanna, má bhíonn daltaí/scoláirí atá faoi Chosaint Idirnáisiúnta cláraithe ag scoileanna (**ó Mheán Fómhair 2021 i leith**) tá an leibhéal céanna acmhainní ar fáil chun tacú le scoileanna a chláraigh líon suntasach leanaí atá faoi Chosaint Idirnáisiúnta. Ní féidir an próiseas seo a uathoibriú, áfach, mar gheall ar líon na náisiúntachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

Tá próiseas ar leith i bhfeidhm ina gcláraíonn scoileanna a bhfuil leanaí acu atá faoi Chosaint Idirnáisiúnta (os cionn 10 ndalta i gcás MOS nó 15 i gcás CRS). Tá na sonraí leagtha amach in Aguisín 1 thíos.

Aguisín 1

Ag tacú le leanaí ón Úcráin agus leanaí atá faoi Chosaint Idirnáisiúnta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu (Treoir do scoileanna)

Bhí an fócas do dhaltaí ón Úcráin agus dóibh siúd atá faoi Chosaint Idirnáisiúnta, lena n-áirítear daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, dírithe ar thacú leo áit a bheith faighte acu go luath i suíomh scoile agus deis a thabhairt dóibh socrú isteach ar scoil. Is éard a bhí i gceist leis seo ná cuidiú leo oiriúnú agus dul i dtaithe ar a dtimpeallacht nua, a n-áit chónaithe nua agus a scoil nua. Áiríodh leis seo soláthar rochtana a bheith acu ar thacaíochtaí praiticiúla agus ar chúnaimh chun socrú síos agus cairde a bhunú. Is tairbhíthe iad leanaí atá ag teacht go hÉirinn ón Úcráin ag an am seo faoin Treoir um Chosaint Shealadach. Cinntíonn an treoir seo a gceart chun oideachais sa chóras oideachais poiblí, mar aon le cearta eile, ar feadh tréimhse sealadach, ar an mbonn céanna le saoránaigh an AE. Thréaslaigh na hAirí leis an sár-obair a rinne scoileanna sa chomhthéacs seo ó tharla ionradh na Rúiseach ar an Úcráin i mí Feabhra.

Maidir le leanaí ón Úcráin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus atá ag clárú i scoileanna in Éirinn, is mian leis an Roinn Oideachais leanúint ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil a socrúchán sa timpeallacht is fearr a thacaíonn lena bhfolláine,

lena gcuimsiú agus lena rannpháirtíocht ina gcuid oideachais. Maidir le roinnt de na leanaí seo, áfach, ní bheidh fáil go héasca ar an eolas atá de dhíth chun cinntí a dhéanamh faoin socrúchán is oiriúnaí dóibh.

Samhlaítear go leanfaidh tromlach na leanaí ón Úcráin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ag clárú i suíomhanna ranga príomhshrutha agus go mbeidh rochtain acu ar thacaíochtaí reatha na scoile.

Is é cuspóir an nóta treorach seo an bonn ar a leithdháilfear, nuair is gá, acmhainní breise múinteora oideachais speisialta (MOS) agus cúntóir riachtanas speisialta (CRS) a leagan amach. Coinneofar forálacha na treorach seo faoi athbhreithniú.

Achoimre ar na príomhtheachtaireachtaí:

1. Beidh ar chumas scoileanna ina bhfuil 10 ndalta nó níos mó ón Úcráin cláráithe iarratas a dhéanamh ar acmhainní breise MOS (15 dhalta Úcránach nó níos mó le haghaidh acmhainní CRS) bunaithe ar scála aistritheach go dtí uasmhéid de 25 uair an chloig teagaisc in aghaidh na seachtaine agus uasmhéid de 3 CRS ar bhonn sealadach.
2. I gcás scoileanna ina bhfuil níos lú ná 10 ndalta ón Úcráin (nó 15 i gcás tacaíochtaí CRS) cláráithe, samhlaítear gur féidir le múinteoirí ranga tacú leis na daltaí agus go dtacófar leo laistigh den leithdháileadh uaireanta MOS agus tacaíochtaí CRS atá ag scoileanna.
3. Tá an próiseas athbhreithnithe eisceachtúil ar fáil i gcónaí do scoileanna ar an ngnáthbhealach tríd an CNOS chun aon ábhair imní maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a láimhseáil.
4. Má tá riachtanais ag leanaí ón Úcráin a d'fhéadfadh deacrachtaí freastail a chruthú dóibh i scoil príomhshrutha, in ainneoin an fáil ar thacaíocht bhreise:
 - a. Rachaidh an ERSO áitiúil i dteagmháil le tuismitheoirí dhaltaí na hÚcráine chun cabhrú leo socrúchán oiriúnach a aimsiú dá leanaí.
 - b. Má bhíonn tuairiscí gairmiúla ar fáil, déanfaidh an ERSO socrú chun leagan aistrithe a bheith ar fáil.
 - c. Mura bhfuil tuairisc ghairmiúil ar fáil ach go gcuireann na tuismitheoirí in iúl go raibh a leanbh i socrúchán speisialta san Úcráin:

- i. Má tá rang speisialta nó socrúchán scoile speisialta ar fáil, féadfaidh príomhoide na scoile glacadh leis an eolas seo agus dul ar aghaidh chun an leanbh a chlárú.
 - ii. Mura bhfuil rang speisialta nó socrúchán scoile speisialta ar fáil, ba chóir tacaíocht a thabhairt don leanbh i suíomh scoile príomhshrutha trí mhúnla an MOS, tacaíocht CRS más gá agus tacaíocht BTB, má tá fáil ar a leithéid. Ba chóir do phríomhoide na scoile príomhshrutha an ERSO áitiúil agus an síceolaí SNSO nó oifig SNSO a chur ar an eolas faoina leithéid de chás.
5. Má thugann príomhoide scoile tosaíocht do leanbh ón Úcráin maidir le SNSO a bheith gafa leis an gcás, freagróidh síceolaithe SNSO don chás agus tacóidh siad leis an scoil agus leis an leanbh laistigh de leithdháileadh ama na scoile.
6. Ar aon dul leis seo, má tá daltaí/scoláirí um Chosaint Idirnáisiúnta cláraithe ag scoil (**ó Mheán Fómhair 2021 i leith**) beidh an leibhéal céanna acmhainní ar fáil chun tacú le scoileanna a chláraigh líon suntasach leanaí faoi Chosaint Idirnáisiúnta. Ní féidir, áfach, an próiseas seo a uathobriú toisc líon na náisiúntachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

Tacaíochtaí do leanaí ón Úcráin agus do leanaí atá faoi Chosaint Idirnáisiúnta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i ranganna príomhshrutha i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna

An Úcráin

Cé gur féidir dóthain tacaíochta a thabhairt don chohórt daltaí/scoláirí seo laistigh de ranganna príomhshrutha le hacmhainní múinteora oideachais speisialta (MOS) agus cúntóra riachtanas speisialta (CRS) atá ann cheana féin, tá sé beartaithe ag an Roinn tacaíochtaí breise MOS agus CRS a chur ar fáil do scoileanna a bhfuil líon níos mó daltaí Úcránacha cláraithe acu, ar aon dul go neasach le leithdháileadh ginearálta reatha na dtacaíochtaí seo.

1. Múinteoirí Oideachais Speisialta (MOSanna)

Má tá líon beag daltaí Úcránacha cláraithe ag scoileanna (i.e. níos lú ná 10), samhlaítear gur féidir le múinteoirí ranga na ndaltaí seo tacaíocht a chur ar fáil dóibh, laistigh den leithdháileadh uaireanta MOS atá ag na scoileanna faoi láthair.

Má mheasann scoil a chláraigh níos lú ná 10 ndalta ón Úcráin go bhfuil uaireanta breise MOS de dhíth ag am ar bith, féadfar teagmháil a dhéanamh leis an CNOS chun acmhainní breise a éileamh faoin ngnáthphróiseas athbhreithnithe eisceachtúil.

Aithnítear go bhféadfadh tacaíochtaí breise a bheith de dhíth ar scoileanna a chláraíonn líon suntasach leanaí ón Úcráin agus tá sé beartaithe leithdháileadh acmhainní MOS breise a thabhairt chun tosaigh do na scoileanna sin. Cuirfear na hacmhainní seo ar fáil do scoileanna a bhfuil breis agus 10 leanbh ón Úcráin cláraithe acu.

Ceadófar, ag tús na scoilbhliana 2022/2023, leithdháileadh uaireanta MOS breise sealadacha do scoileanna chun tacú le riachtanais speisialta oideachais dhaltaí ón Úcráin atá cláraithe mar seo a leanas:

Líon na ndaltaí ón Úcráin atá cláraithe	Líon breise uaireanta MOS sa tseachtain
10	5
11-20	7.5
21-30	10
31-40	12.5
41-50	15
51-60	17.5
>60	25

Déanfaidh an Roinn na leithdháiltí seo a fhaomhadh agus cuirfear an líon leanaí ón Úcráin atá cláraithe i scoileanna in iúl don CNOS. Cruthóidh sé seo deis don CNOS leithdháileadh MOS sealadach breise na scoile a chur in iúl do scoileanna go luath.

2. Tacaíochtaí CRS

Beidh riachtanais chúraim shuntasacha ag roinnt leanaí ón Úcráin a chiallóidh go mb'fhéidir go mbeidh tacaíocht CRS de dhíth orthu.

Cé go samhlaítear go mbeidh ar chumas formhór na scoileanna tacaíocht a sholáthar do na daltaí seo ó leithdháileadh CRS reatha na scoile, tuigeann an Roinn go bhféadfadh tacaíochtaí breise CRS a bheith de dhíth ar roinnt scoileanna a chláraíonn líon suntasach leanaí Úcránacha.

Chun tacú leis na scoileanna seo ó thús na scoilbhliana tá sé beartaithe tacaíocht CRS shealadach breise a chur ar fáil mar atá leagtha amach sa tábla thíos. Cuirfidh an CNOS in iúl go díreach do scoileanna go luath más amhlaidh an cás.

Líon na ndaltaí ón Úcráin atá cláraithe	Líon CRSanna breise atá leithdháilte
15-29	0.5
30-35	1
36-45	1.5
46-54	2
55-64	2.5
≥65	3

Déanfar an leithdháileadh sealadach seo a athbhreithniú roimh gach téarma scoile bunaithe ar na tairseacha rollaithe thuasluaite.

Má mheasann scoil a bhfuil breis agus 15 dalta ón Úcráin cláraithe aici go bhfuil tacaíochtaí breise CRS de dhíth uirthi ag am ar bith bunaithe ar riachtanais chúraim na ndaltaí sin, féadfar dul i dteagmháil leis an CNOS chun acmhainní breise CRS a éileamh faoin ngnáthphróiseas athbhreithnithe eisceachtúil.

Ní thagann an méid thuas in ionad an phróisis athbhreithnithe eisceachtúil atá ar fáil i gcónaí do scoileanna. Is féidir aon cheisteanna ó scoileanna maidir leis na leithdháiltí sealadacha MOS agus CRS a chur chuig

special_education@education.gov.ie

Leanaí ón Úcráin nó atá faoi Chosaint Idirnáisiúnta a bhféadfadh socrúchán scoile speisialta/ranga speisialta a bheith de dhíth orthu

D'fhéadfadh go mbeadh roinnt leanaí ón Úcráin agus leanaí faoi Chosaint Idirnáisiúnta, a bhfuil riachtanais speisialta oideachais/bhreise níos suntasaí acu, ag streachailt agus iad ag iarraidh freastal ar scoil phríomhshrutha, fiú nuair a bhíonn tacaíocht bhreise curtha ar fáil dóibh. Má chuirtear an CNOS ar an eolas faoi leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais/bhreise aige/aici, cuirfidh an t-eagraí áitiúil um riachtanais speisialta oideachais (ERSO) tacaíocht tosaigh ar fáil don

tuismitheoir/ do na tuismitheoirí chun cabhrú leis an gcinnteoireacht maidir le socrúchán. Cinnteoidh sé seo go mbeidh sé d'acmhainn ag gach tuismitheoir feidhmiú ar son a linbh agus go dtuigfidh siad córas oideachais na hÉireann ionas gur féidir leo cinntí eolacha a dhéanamh. Mar chuid den rannpháirtíocht seo beidh cóipeanna d'aon tuairiscí gairmiúla atá ar fáil, stair oideachas an linbh go dtí seo agus cur síos ar riachtanais an linbh, á éileamh ag an ERSO.

I gcásanna ina bhfuil tuarascálacha gairmiúla ar fáil

Má bhíonn tuarascálacha gairmiúla ar fáil ba chóir don tuismitheoir/ na tuismitheoirí iad seo a chur ar fáil don scoil. Eagróidh an CNOS go gcuirfear aistriúchán de na tuarascálacha seo ar fáil agus d'fhéadfadh nach mbeadh tagairt iontu de na gcritéar incháilitheachta a úsáidtear in Éirinn. Ina leithéid de chásanna oibreoidh an ERSO leis an scoil agus leis na tuismitheoirí ionas gur féidir tacú le riachtanais an linbh ar bhonn sealadach i rang speisialta nó i suíomh scoile speisialta má tá a leithéid de shuíomh ar fáil. Má bhíonn fáil ar a leithéid de shocrúcháin, beidh siad faoi réir athbhreithnithe, agus féadfar tacaíocht a sholáthar má bhíonn scoileanna sásta an leanbh a chlárú ar an mbonn atá leagtha amach thuas.

Mura bhfuil fáil ar rang speisialta oiriúnach nó ar shocrúchán scoile speisialta, ba chóir an leanbh a chur i suíomh príomhshrutha le tacaíocht shealadach tríd an tsamhail MOS, tacaíocht CRS más gá agus tacaíocht BTB má tá fáil ar a leithéid. D'fhéadfadh go gcuirfí an leanbh ar liosta feithimh le haghaidh ranga speisialta nó socrúchán scoile speisialta. Ba chóir do phríomhoide na scoile príomhshrutha an síceolaí SNSO áitiúil nó oifig áitiúil an SNSO agus an ERSO áitiúil a chur ar an eolas faoin gcás seo.

I gcásanna nach bhfuil tuarascálacha gairmiúla ar fáil

I gcúinsí áirithe b'fhéidir nach mbeidh fáil ar na tuarascálacha gairmiúla do leanaí a ndéir a dtuismitheoirí go raibh a socrúchán scoile i suíomh speisialta san Úcráin. Más amhlaidh, má tá rang speisialta nó socrúchán scoile speisialta ar fáil, féadfaidh príomhoide na scoile glacadh leis an eolas seo agus an leanbh a chlárú. Breathnófar ar an socrúchán speisialaithe seo mar shocrú sealadach, faoi réir athbhreithniú ar riachtanais an linbh le linn na scoilbhliana, agus ba chóir don scoil é seo a chur in iúl dá réir do na tuismitheoirí. Ba chóir do phríomhoide na scoile príomhshrutha an síceolaí SNSO nó an oifig SNSO agus an ERSO áitiúil a chur ar an eolas faoin gcás.

Meastar rang speisialta nó socrúchán scoile speisialta a bheith ar fáil mura bhfuil an rang nó an scoil lán agus mura bhfuil aon leanaí ar liosta feithimh.

Mura bhfuil rang speisialta nó socrúchán scoile speisialta ar fáil, ba chóir tacú leis an leanbh i scoil príomhshrutha ar bhonn sealadach tríd an tsamhail MOS, le tacaíocht CRS más gá agus tacaíocht BTB má tá fáil ar a leithéid. Ba chóir do phríomhoide na scoile príomhshrutha an síceolaí SNSO áitiúil nó an oifig SNSO agus an ERSO áitiúil a chur ar an eolas faoin gcás seo.

Má cheistítear oiriúnacht socrúcháin do leanbh ón Úcráin nó do leanbh atá faoi Chosaint Idirnáisiúnta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige/aici agus é/í i suíomh príomhshrutha, ba chóir don scoil leanúint de bheith ag tacú leis an leanbh tríd an tsamhail MOS, tacaíocht CRS más gá agus tacaíocht BTB má tá fáil ar a leithéid. Ba chóir don scoil monatóireacht a dhéanamh ar fhreagairt an linbh ar idirghabhálacha agus tacaíochtaí agus é seo a thaifeadadh ar Chomhad Tacaíochta an Dalta. Féadfaidh scoileanna ábhair imní a chur faoi bhráid an ERSO áitiúil, an síceolaí SNSO áitiúil nó oifig áitiúil SNSO. Nuair a thugann príomhoide scoile tosaíocht do leanbh ón Úcráin maidir le rannpháirtíocht SNSO, freagróidh síceolaithe SNSO agus tacóidh siad leis an scoil agus leis an leanbh laistigh de leithdháileadh ama na scoile. I gcásanna áirithe beidh an síceolaí SNSO in ann moladh gairmiúil a sholáthar maidir le socrúchán an linbh i suíomh speisialaithe. I gcásanna eile, más gá diagnóis a fháil ó fhoireann ildisciplíneach (FID) (mar shampla maidir le huathachas), caithfear atreorú a dhéanamh chuig seirbhísí leanaí FSS.

Daltaí atá faoi Chosaint Idirnáisiúnta

Tá na tacaíochtaí céanna ar fáil do scoileanna a chláraigh leanaí um Chosaint Idirnáisiúnta (le riachtanais speisialta oideachais) de réir na dtáblaí céimnithe thuas.

Tá próiseas ar leith i bhfeidhm, na mionsonraí ar fáil thíos, ina ndeimhneoidh an CNOS don Roinn gur tharla an rollú ó Mheán Fómhair 2021 (roimh an dáta sin áiríodh na hacmhainní sna leithdháiltí MOS agus CRS).

Is é an próiseas atá ann do scoileanna ina leithéid de chásanna:

- Teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Oideachas Speisialta ag setallocations@education.gov.ie

(Is do na fiosrúcháin sin amháin a bhaineann le hacmhainní sealadacha do dhaltáí na hÚcráine agus do dhaltáí atá faoi Chosaint Idirnáisiúnta atá an bosca poist seo ar fáil)

- Iarrfaidh an Rannóg Oideachais Speisialta ar an CNOS teagmháil a dhéanamh leis an scoil trí ríomhphost.
- Comhlánaíonn an scoil an fhoirm a ghabhann le comhfhreagras an CNOS agus seoltar í ar ais chuig an CNOS ar ríomhphost.
- Deimhneoidh an CNOS ansin don Roinn líon na ndaltaí/scoláirí um Chosaint Idirnáisiúnta a cláraíodh ó Mheán Fómhair 2021.

Tabharfaidh an Roinn faomhadh láithreach do na n-acmhainní don scoil bunaithe ar na táblaí tairsí céimnithe.

Athbhreithniú ar leithdháiltí sealadacha

Bunaithe ar fhianaise go dtí seo ní shíltear go mbeidh mórán gluaiseachta leanaí le linn na bliana. Ach má tharlaíonn a leithéid, tiocfaidh an leithdháileadh ina dhiaidh sin nuair is infheidhme.

D'fheadfadh go ndéanfaí daltaí/scoláirí ón Úcráin agus iad siúd atá faoi Chosaint Idirnáisiúnta a athlonnú bunaithe ar an bhfáil atá ar lóistín srl.

Déantar an leithdháileadh do gach scoil a athbhreithniú ag deireadh gach téarma scoile agus, má dhéantar daltaí a athlonnú go scoil eile, aistreofar na hacmhainní sealadacha seo chuig a scoil nua chun a chinntiú go leanfar ag tabhairt tacaíochta dóibh ina suíomh nua.

Rannóg Oideachais Speisialta

An Roinn Oideachais

Meitheamh 2023